Our World
IRISH AID AWARDS

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha
Department of Foreign Affairs

IRIS LÁN LE SPRAOI DO LEANAÍ!

Cúnamh Éireann – clár oifigiúil na hÉireann don chúnamh thar lear


# BIA DON BHEATHA

## DUAISEANNA CHÚNAMH ÉIREANN: AN DOMHAN SEO AGAINNE, 2024

# 17 SPRIOC CHUN AN DOMHAN SEO AGAINNE A ATHRÚ Ó BHONN

Treoir chun gnímh atá sna Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ó na tíortha go léir chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus leis an ocras agus chun dul i ngleic leis an neamhionannas de gach aon chineál ag an am céanna. Tugtar na Spriocanna Domhanda ar na 17 sprioc sin freisin agus ghlac 193 thír na spriocanna i Nua-Eabhrac in 2015.

San iris seo, cuirfidh tú eolas ar an gcaoi a mbíonn Cúnamh Éireann ag obair as lámha a chéile leis na Náisiúin Aontaithe, Trócaire agus comhpháirtithe áitiúla in ocht dtír éagsúla. Cinntíonn siad go bhfuil an ceart ag gach aon duine ar domhan gan a bheith faoi ocras agus cinntíonn siad freisin go bhfuil rochtain ag gach duine ar a dhóthain bia sábháilte cothaitheach.




Is é **Bia don Bheatha** téama Dhuaiseanna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne i mbliana.

Léigh na scéalta san iris ar na rudaí atá ar siúl ag daoine chun dul i ngleic leis an ocras ar fud an domhain. Bain inspioráid as na scéalta sin chun scéalta, dánta, ceol agus saothair ealaíne de do chuid féin a chumadh, agus seol isteach chugainn an saothar sin. Seans go roghnófar saothar leat d'eagrán de **Gníomhaithe Spriocanna Domhanda, an iris ar líne a bhíonn á scríobh ag leanaí do leanaí (tá tuilleadh sonraí ar an gclúdach ar chúl)**

# Dia Dhaoibh!



Sean Fleming T.D., Aire na hÉireann um Chúnamh Forbartha Idirnáisiúnta agus Diaspóra

Sean Fleming is ainm dom, agus is mise Aire na hÉireann um Chúnamh Forbartha Idirnáisiúnta agus Diaspóra. Is ball den Rialtas mé, agus an jab atá agam ná déanamh cinnte go ndéanann Éire a dícheall chun deireadh a chur leis an ocras agus leis an mbochtaineacht ar fud na cruinne, chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, agus chun déanamh cinnte go mbíonn fáil chothrom ag gach duine ar domhan ar an oideachas, ar uisce glan agus ar chúram sláinte. Is trí chlár rialtais ar a dtugtar Cúnamh Éireann a dhéanaimid an obair sin. Beidh tú ag foghlaim i mbliana faoi Chúnamh Éireann agus faoi na Spriocanna um Fhorbairt Inbhuanaithe. Tugtar na Spriocanna Domhanda ar na spriocanna sin uaireanta freisin. Is é 'Bia don Bheatha' téama na nDuaiseanna i mbliana, agus baineann an cás-staidéar leis an obair agrai-éiceolaíochta atá ar siúl ag Trócaire, eagraíocht neamhrialtasach Éireannach, le pobail in Uganda in Oirthear na hAfraice. Le cabhair ó Chúnamh Éireann a dhéantar an obair sin. Faoin agrai-éiceolaíocht, cuirtear chun cinn cleachtais talmhaíochta a chabhraíonn chun tionchair an athraithe aeráide a laghdú agus chun an dúlra agus an fiadhúlra a chosaint, agus cabhraíonn sé freisin le pobail áitiúla obair a dhéanamh ar bhealach atá oiriúnach dá gceantar agus dá dtimpeallacht féin. Tugann an agrai-éiceolaíocht aird ar a luachanna sóisialta agus cultúrtha freisin. Is sampla é sin den obair a bhíonn ar siúl ag Cúnamh Éireann chun déanamh cinnte gur féidir le gach duine ar domhan saol níos fearr a chruthú dá theaghlach. Ba mhaith liom buíochas ar leith a ghlacadh leis na múinteoirí go léir – ní fhéadfaimis na Duaiseanna a eagrú gan an obair chrua a bhíonn ar siúl acu agus gan a dtiomantas. Trí pháirt a ghlacadh i nDuaiseanna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne, 2024, tá súil againn go gcuirfidh tú eolas maith ar an obair atá ar siúl ar son mhuintir na hÉireann ar fud na cruinne s'againne – tagaimis go léir le chéile chun domhan níos cothroime agus níos fearr a chruthú do chách.

*Sean Fleming*

# CÉARD IS CÚNAMH ÉIREANN ANN?

Is é Cúnamh Éireann clár Rialtas na hÉireann le haghaidh cúnamh forbartha idirnáisiúnta, agus tá sé d'aidhm ag an gclár an bhochtaineacht, an t-ocras agus an riachtanas daonnúil ar fud an domhain a laghdú. Tugtar tacaíocht do bhreis is 130 tír.

Dírímid go príomha ar an Afraic fho-Shahárach, agus tugaimid cúnamh forbartha fadtéarmach do roinnt mhaith tíortha ann, mar shampla an Aetóip, an Mhaláiv, an Chéinia, Mósaimbíc, Siarra Leon, an Tansáin, Uganda, Vítneam agus an tSaimbia.

Bímid ag obair as lámha a chéile le rialtais, leis na Náisiúin Aontaithe agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha, Trócaire cuir i gcás, sna tíortha sin chun feabhas a chur ar shaol na ndaoine agus chun dul i ngleic leis an ocras agus leis an mbochtaineacht iontu. Bímid ag obair freisin le líon beag tíortha ina bhfuil cogadh ar siúl, mar shampla an Libéir, an Phalaistín, an Afraic Theas agus an tSiombáib.

Freagraíonn Cúnamh Éireann freisin do ghéarchéimeanna daonnúla ar fud an domhain, mar shampla na crith talún san tSiria agus an Tuirc i 2023. Bhí 326 mhilliún duine in 63 thír – an líon ba mhó riamh – ag brath ar chabhair dhaonnúil éigeandála in 2022 chun teacht slán.

**BÍMIS BRÓDÚIL – TÁ CLÁR FORBARTHA IDIRNÁISIÚNTA NA HÉIREANN RANGAITHE AR CHEANN DE NA CLÁIR IS FEARR DÁ BHFUIL ANN!**

# AN RAIBH A FHIOS AGAT...

Chruthaigh Éire beartas ar a dtugtar **Domhan Níos Fearr** ina leagtar amach bealach soiléir chun domhan atá níos cothroime, níos síochánta agus níos inbhuanaithe a bhaint amach. Dírítear ann ar dhaoine, ar chosaint agus ar bhia. Cabhróidh an beartas sin chun domhan níos fearr a chruthú, agus léireoidh Éire ceannaireacht éifeachtach agus saoránacht dhomhanda den scoth.

# CLÁR ÁBHAIR


2 **Tús eolais ar Chúnamh Éireann agus Duaiseanna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne**

3 **Bia Don Bheatha**

4 **Gníomhaíocht na Spriocanna Domhanda**


5 **Léargas Ar Thíortha**

6-7 **Tacú Le Teaghlaigh In Uganda Tríd An Agrai-Éiceolaíocht: Cás-Staidéar**

8 **Conas cur isteach: céimeanna simplí chun páirt a ghlacadh sna Duaiseanna agus chun do chuid saothair a fhoilsiú in Gníomhaithe Spriocanna Domhanda, ár n-iris álainn ar líne a bhíonn á scríobh ag leanaí do leanaí.**

# BIA DON BHEATHA

Is é **Bia don Bheatha** téama Dhuaiseanna Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne in 2024 mar bíonn bia sláintiúil cothaitheach ag teastáil ó gach duine chun maireachtáil go sona sláintiúil.




> **Tá sé ar ár gcumas againn an talmhaíocht a athrú ó bhonn ar an talamh agus an córas slándála soláthair bia domhanda a athmhúnlú chun an t-ocras a mhaolú, deireadh a chur leis an mbochtaineacht, agus an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn**
>
> *– Kofi Annan agus é ag caint ag an bhfóram "Bia a dhaingniú, an todhchaí a shaothrú", 2*

Taidhleoir ó Ghána (tír in Iarthar na hAfraice) ab ea Kofi Annan, agus bhí sé ar an seachtú hArd-Rúnaí ar na Náisiúin Aontaithe. In 2000, d'fhoilsigh Annan tuarascáil dar teideal Muidne na Pobail: Ról na Náisiún Aontaithe sa 21ú hAois. Iarradh sa tuarascáil ar bhallstáit daoine a chur ag croílár gach aon ruda a bhíonn ar siúl acu: "Níl aon rud níos uaisle, ná níl aon fhreagracht níos mó, ná cur ar gcumas d'fhir, do mhná agus do leanaí, i gcathracha agus i sráidbhailte ar fud na cruinne, feabhas a chur ar a saol."

## SMAOINIGH AGUS PLÉIGH: BIA DON BHEATHA

**Gníomhaíocht 1:**

Léigh na ráitis thíos agus abair cé acu an fíor nó bréagach iad, dar leat. Pléigh do chuid freagraí le cara leat.

| | Ráiteas | Fíor/Bréagach |
|---|---|---|
| 1 | Tá go leor bia ar domhan chun gach duine a bheathú | ☐ Fíor ☐ Bréagach |
| 2 | Is féidir an t-ocras domhanda a laghdú ach níos mó bianna plandúla a ithe | ☐ Fíor ☐ Bréagach |
| 3 | Seasann Sprioc Forbartha 4 do uisce glan agus sláintíocht | ☐ Fíor ☐ Bréagach |
| 4 | Chuaigh an t-ocras i gcion ar 4.808 milliúin duine in 2021 | ☐ Fíor ☐ Bréagach |
| 5 | Ní réiteach ar an ocras domhanda é cabhrú le feirmeoirí tuaithe ceangal a bhunú le margaí | ☐ Fíor ☐ Bréagach |
| 6 | Ní dhéanann cogaí aon difear don ocras domhanda | ☐ Fíor ☐ Bréagach |
| 7 | Ní dhéanann an adhaimsir difear don ocras domhanda | ☐ Fíor ☐ Bréagach |
| 8 | Déanann an tsiopadóireacht áitiúil shéasúrach difear don ocras domhanda | ☐ Fíor ☐ Bréagach |

*Freagraí ag bun leathanach 7*




**Nóta do mhúinteoirí:** Tá teimpléid na ngníomhaíochtaí go léir san iris le fáil ar Bhileoga Gníomhaíochtaí ar féidir iad a íoslódáil i roinn na múinteoirí ar an láithreán gréasáin. Tá ceachtanna PowerPoint 2023-2024 do rang 3-6 (atá réidh lena n-úsáid sa seomra ranga) le fáil sa roinn chéanna.

**Teastaíonn ó ghníomhaithe óga in uganda go mbeidh saol maith inbhuanaithe ag gach duine. Éistimis lena bhfuil le rá acu!**



Is ambasadóir óige é Nkusi Gerald agus bíonn sé ag plé leis an athrú aeráide.Thrasnaigh sé Uganda de shiúl na gcos agus chuir sé eolas ar mhodhanna caomhnaithe. An fhís atá aige ná go gcuirfidh 100,000 duine in Uganda 5 mhilliún crann faoi 2030.

Nkusi says: *"Bím ag múineadh do dhaoine aire a thabhairt don ithir, an Mháthair-Chruinne a dheisiú, agus an pobal a bheathú. Bím ag múineadh do dhaoine conas glasraí agus crainn torthaí agus crainn don leigheas a fhás."*




Is gníomhaí eile ó Uganda í Vanessa Nakate a bhíonn ag plé leis an athrú aeráide freisin. Chuir sí tús lena céad agóid ar son na haeráide lasmuigh de Pharlaimint Uganda in Eanáir 2019. Cuireann sí an cheist: ***Cé chomh fada a fhéachfaimid ar dhaoine ag fail bháis den tart sa triomach? Tá go leor daoine ag fáil bháis san Afraic, agus tá a slite beatha á gcailliúint ag go leor leor eile!***

Tá na gníomhaithe óga sin ag cabhrú leis an Máthair-Chruinne mar spreagann siad daoine chun maireachtáil ar bhealach inbhuanaithe agus gan dochar a dhéanamh don Domhan.

**Tagraíonn péire de na Spriocanna Domhanda don BHEATHA. An féidir leat pictiúr den dá sprioc sin a tharraingt anseo thíos?**

## Gníomhaíocht 2:

Scríobh isteach na Spriocanna Domhanda cearta le haghaidh gach ceann de na ráitis agus na ceisteanna seo a leanas:

SPRIOC

1 Tagraíonn **cúig** cinn de na Spriocanna Domhanda, go díreach nó go hindíreach, do bhia agus don táirgeadh bia. Cé acu iad?

2 Ar leathanach 6 agus 7, labhraíonn Petelina faoi phlandaí traidisiúnta a úsáid mar leigheas. Cén Sprioc Dhomhanda lena mbaineann sé sin?

3 Bíonn Cúnamh Éireann ag obair as lámha a chéile le comhpháirtithe sa rialtas, in eagraíochtaí idirnáisiúnta, agus san earnáil phríobháideach chun feabhas a chur ar bheatha daoine i dtíortha i mbéal forbartha. Cén Sprioc Dhomhanda lena mbaineann an obair sin?

4 Tá Petelina, agus daoine eile i bpobail atá cosúil le pobal Petelina, ag obair go dian chun go mbeidh a bhfeirmeacha níos inbhuanaithe. Cé na **trí** sprioc atá i gceist anseo?

5 Cén sprioc a bhaineann leis an tsíocháin, ceartas agus institiúidí láidre?

6 Cén Sprioc Dhomhanda is féidir a bhaint amach le teaghlaigh a bhfuil bean i gceannas orthu?

7 Cén Sprioc Dhomhanda a bheadh bainte amach dá mbeadh bia sláintiúil ag gach duine ar domhan?

8 Cén sprioc is tábhachtaí, dar leat, agus cén fáth?

# LÉARGAS AR THÍORTHA

Tá eolas anseo thíos ar chuid de na tíortha ina mbíonn Cúnamh Éireann ag obair ar mhaithe le Bia don Bheatha. Déan roinnt taighde chun eolas breise a fháil faoi na tíortha sin. Foghlaim faoin stair, faoin gcultúr agus faoi fhorbairtí sna tíortha sin agus faigh amach conas atá Cúnamh Éireann ag cabhrú chun tacú leo slándáil bhia agus cleachtais talmhaíochta inbhuanaithe a bhaint amach. Ansin, cuir scrúdú in aghaidh an chloig ort féin inár gcluiche "Roth Spriocanna Domhanda" atá ar fáil i roinn na leanaí ar ár láithreán gréasáin: **globalspinner.ourworldirishaidawards.ie/#/game/title**

## An Aetóip

**Suíomh:** Oirthear na hAfraice

**Príomhchathair:** Addis Ababa

**Daonra:** 123 milliún

Chuir Cúnamh Éireann cabhair dhaonnúil ar fáil don Aetóip. Tá an chabhair sin ag teastáil ó bhreis is 20 milliún duine ann, mar gheall ar thriomach agus ar chogadh den chuid is mó. Tugadh airgead tirim do theaghlaigh chun tacú leo a leanaí a choinneáil ar scoil. Cuireadh seirbhísí éigeandála uisce ar leoraithe ar fáil le haghaidh teaghlach agus ainmhithe freisin.

**Fíric:** Bhí triomach ag an Aetóip i gcuid mhór den tír ó 2020 go 2023 mar thoradh ar chúig séasúr báistí i ndiaidh a chéile, mar gheall ar an athrú aeráide.

## Siarra Leon

**Suíomh:** Iarthar na hAfraice

**Príomhchathair:** Freetown

**Daonra:** 8 milliún

Thacaigh Cúnamh Éireann le tionscadal trí bliana i nDúiche Moyamba. Díríodh sa tionscadal ar an gcosc ar thearc-chothú agus ar bhainistiú an tearc-chothaithe a neartú. Faoin tionscadal, tugadh taispeántais chócaireachta do theaghlaigh bunaithe ar bhianna áitiúla atá ar fáil dóibh, agus cuireadh comhairle orthu freisin maidir le bia comhlántach a ullmhú do leanaí.

**Fíric:** Tá breis is trí chúigiú den daonra i Siarra Leon ag gabháil don táirgeadh talmhaíochta, do mhargadh na tíre sin den chuid is mó ach chun earraí a easpórtáil freisin.

## An Tansáin

**Suíomh:** Oirthear na hAfraice

**Príomhchathair:** Dodoma

**Daonra:** 65 milliún

Tá Cúnamh Éireann ag obair le Teagasc sa Tansáin chun feabhas a chur ar tháirgeadh déiríochta agus ar cháilíocht le haghaidh feirmeoirí, agus freisin leis an gclár Domhanda Bia chun a chinntiú go barra ar nós sorghum a bhainistiú níos fearr.

**Fíricí:** Na leoin a mhaireann i bPáirceanna Náisiúnta Tarangire, is féidir leo crainn a dhreapadh. Deir na saineolaithe gur fhoghlaim siad an scil sin chun foscadh a lorg ón teas marbhánta ar an talamh.

## Mósaimbíc

**Suíomh:** Oirdheisceart na hAfraice

**Príomhchathair:** Mapútó

**Daonra:** 33 milliún

I mbaile beag i ndúiche Mabote, ní gá do na mná turas 20 km a dhéanamh de shiúl na gcos gach lá a thuilleadh. Le cabhair ó Chúnamh Éireann, cuireadh isteach córas nua grianchumhachtaithe le haghaidh an uisce. Cuireann an córas uisce óil sábháilte ar fáil don phobal agus do na leanaí i scoil in aice láimhe. Úsáidtear é freisin chun uisce a thabhairt chomh fada le garraithe glasraí agus chun uisce a chur ar fáil do na beithígh.

**Fíricí:** Is í an Phortaingéilis teanga oifigiúil Mhósaimbíc, ach níl Portaingéilis ach ag thart ar 50% den daonra.




## Vítneam

**Suíomh:** Oirdheisceart na hÁise

**Príomhchathair:** Hanáí

**Daonra:** 98 milliún

I réigiún sléibhtiúil i lár Vítneam, tá Cúnamh Éireann ag obair le mná, agus le daoine atá faoi mhíchumas agus i mbaol tubaistí nádúrtha, d'fhonn feabhas a chur ar a gcoinníollacha maireachtála, agus ar a gcumas déileáil leis athrú aeráide.

**Fíricí:** As na tíortha ar fad ar domhan, is é Vítneam an 13ú háit is leochailí i leith riosca aeráide, tá ardú ar leibhéal na farraige ina bhagairt go 70% den daonra atá ina gcónaí i gcósta limistéir agus deiltí ísle.

## An Mhaláiv

**Suíomh:** Oirdheisceart na hAfraice
**Príomhchathair:** Lilongwe
**Daonra:** 20 milliún

Chun cosc a chur ar an dífhoraoisiú sa Mhaláiv mar thoradh ar úsáid gualaigh mhídhleathaigh neamh-inbhuanaithe, tá Cúnamh Éireann ag obair le Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe chun breoslaí inbhuanaithe a chur chun cinn. Laghdaítear astaíochtaí leis na breoslaí sin.

**Fíric:** "Lasair thine" an chiall atá leis an bhfocal Malawi (an Mhaláiv). Tagann ainm na tíre ó íomhá éirí na gréine ar uiscí Loch Malawi.

## Uganda

**Suíomh:** Oirthear na hAfraice

**Príomhchathair:** Kampala

**Daonra:** 47 milliún

Tá Cúnamh Éireann ag obair le Trócaire chun feabhas a chur ar an tslándáil bhia agus ar an gcothú i limistéir bhochta. Tá tuilleadh faisnéise ar an gclár sin le fáil ar leathanaigh 6-7.

**Fíricí:** In Uganda atá an dara daonra is óige ar domhan.

## An tSaimbia

**Suíomh:** Deisceart na hAfraice

**Príomhchathair:** Lusaka

**Daonra:** 20 milliún

Tá Cúnamh Éireann ag cabhrú le teaghlaigh sa tSaimbia níos mó de bhianna cothaitheacha cosúil le pischineálaigh, glasraí, torthaí, agus gránaigh a fhás.

**Fíric:** An Kwacha a thugtar ar an airgeadra (córas airgid) sa tSaimbia.

Bain inspioráid as na fíricí faoi na tíortha ar an leathanach seo. Seol chugainn fíricí faoi chuid de na deich dtír is mó a fuair maoiniú ó Chúnamh Éireann in 2021, nó fúthu ar fad (féach leathanach 2). Ní bheadh a fhios agat – seans go bhfoilseofaí saothar leat in eagrán ar líne de ***Gníomhaithe Spriocanna Domhanda*** in 2023-2024. Tá sonraí iontrála le fáil ar an gclúdach cúil.




**Nóta do mhúinteoirí:** Tá teimpléid na ngníomhaíochtaí go léir san iris le fáil ar Bhileoga Gníomhaíochtaí ar féidir iad a íoslódáil i roinn na múinteoirí ar an láithreán gréasáin. Tá ceachtanna PowerPoint 2023-2024 do rang 3-6 (atá réidh lena n-úsáid sa seomra ranga) le fáil sa roinn chéanna.

# TACÚ LE TEAGHLAIGH IN UGANDA TRÍD AN AGRAIÉICEOLAÍOCHT: CÁS-STAIDÉAR

**Modh feirmeoireachta** is ea an agrai-éiceolaíocht a chabhraíonn linn níos mó bia a fhás gan dochar a dhéanamh don phláinéad. Tá sé sin an-tábhachtach ar fad i dtír mar Uganda ina bhfuil tionchar an athraithe aeráide le feiceáil in athruithe ar phatrúin aimsire, mar shampla níos mó tuilte agus níos mó triomach.

Tá droim láimhe á thabhairt ag daoine do bhianna fiáine traidisiúnta. Tá Trócaire ag obair as lámha a chéile le grúpaí áitiúla in Oirthear Uganda lena chinntiú go mbeidh bianna traidisiúnta in úsáid don chothú agus don leigheas araon.

Cuireann Trócaire an agrai-éiceolaíocht chun cinn agus cabhraíonn sé chun foinsí nádúrtha fiáine bianna agus leigheasanna a chosaint in Kalaki in Oirthear Uganda. Déanann sé é sin trí bheith ag obair le hOifig Pleanála agus Forbartha Dheoise Teso (TEDDO) in Uganda. Tá sé ag obair in 39 sráidbhaile chun an talmhaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn agus chun a chinntiú go bhfuil an soláthar bia slán sábháilte.

Chabhraigh Trócaire chun bainc síolta a bhunú agus bhain 600 feirmeoir agus eagraíocht feirmeoirí tairbhe as na bainc sin. Tá Cúnamh Éireann ag tacú le Trócaire i ndúiche Kalaki in Oirthear Uganda ó 2020.

***Cén chaoi a ndeirtear na focail sin?**

Olemo = ó-lé-mó
Acoga = aic-ó-ga
Ocawu = ó-ca-bhú
Owelu = ó-bhé-lú

## FOCAIL/TÉARMA CASTA

Meaitseáil an focal/téarma casta ar chlé leis an sainmhíniú ar dheis. Léigh scéal Petelina ar leathanach 6 agus 7 chun cabhrú leat teacht ar na focail i gcomhthéacs.

| | TÉARMA CASTA | | SAINMHÍNITHE |
|---|---|---|---|
| 1 | Agrai-éiceolaíocht | A | Fear a thuilleann an t-ioncam agus a dhéanann gach cinneadh |
| 2 | Bianna fiáine traidisiúnta | B | Áit a stóráiltear síolta chun speicis éagsúla plandaí a chaomhnú le haghaidh na todhchaí |
| 3 | Teaghlach a bhfuil bean i gceannas air | C | Is uathu sin a thagann na torthaí, na gráin agus na glasraí go léir. Ón bhfiántas a tháinig an t-aistear bia, agus cuireadh modhanna cócaireachta ar aghaidh ó ghlúin go glúin |
| 4 | Banc síolta | D | Plandaí fiáine a úsáidtear mar leigheas agus a itear mar ghlasraí in Uganda |
| 5 | GALS (Córais Foghlama maidir le Gníomhaíocht Inscne) | E | Bean a thuilleann formhór an ioncaim agus is í a dhéanann formhór na gcinntí |
| 6 | Olemo, acoga, ocawu, owelu* | F | Feirmeoireacht inbhuanaithe a oibríonn i gcomhar leis an nádúr |
| 7 | Teaghlaigh a bhfuil fear i gceannas orthu | G | Bunaithe ar choincheapa an cheartais inscne, an chuimsithe, na gníomhaíochta ar mhaithe le hathrú, agus na hinbhuanaitheachta |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | |

*Freagraí ag bun leathanach 7*

## TRÍ RÓL AN FHEIRMEORA SAN AGRAI-ÉICEOLAÍOCHT




**Gníomhaíocht 3: Críochnaigh na habairtí faoi mar a dhéanfadh Petelina.**

Úsáid na ráitis chun na habairtí seo a leanas a chríochnú. Is féidir cuid acu a úsáid níos mó ná aon uair amháin.

1. ______________________ mar múinim do dhaoine go bhfuil tábhacht mhór le síolta fiáine.
2. ______________________ mar cuirim ar aghaidh an t-eolas atá agam do mo leanaí agus do mo gharleanaí chun go mbeidh a fhios acu conas aire a thabhairt don talamh.
3. ______________________ mar ní bhíonn crainn Shannadbata á leagan againn a thuilleadh chun gualach a dhéanamh. Cuirimid ola ón gcrann ar ár gcraiceann mar mhaothóir.
4. ______________________ mar coinnímid na síolta is fearr i mbanc síolta. Beidh na síolta sin in úsáid ar feadh i bhfad ag na glúnta atá le teacht.
5. ______________________ mar déanaim an chríonnacht agus an t-eolas atá agam a chomhroinnt le daoine eile.

# SCÉAL PETELINA ABUO



**_"Is feirmeoir mé i ndúiche Kalaki in Oirthear Uganda. Tá mé 78 mbliana d'aois, agus tá cúigear leanaí agus 11 gharleanbh agam. Bím ag feirmeoireacht ar ghabháltas beag. Bhain mé úsáid i gcónaí as plandaí fiáine mar bhia agus mar leigheas. Bhíodh daoine ag spochadh asam i gcónaí agus dúirt siad go raibh mé seanaimseartha agus gurb iad daoine bochta a dhéanann a leithéid. Bhí eolas ár sinsear á chailleadh againn."_**

*"Nuair a bhíodh fadhbanna súl ag leanaí, bhainimis úsáid as olemo, acoga, ocawu agus owelu, mar a thugtaí orthu, mar leigheas. Shlogaidís siar deich gcinn de shíolta, agus ní bhíodh an fhadhb acu riamh arís!"*

*"Ó thosaigh Trócaire ag tacú linn, chabhraigh siad liom eolas a thabhairt do dhaoine eile faoi thábhacht na bplandaí fiáine seo. Chuir siad oiliúint orainn chun mapa a dhéanamh de na háiteanna ina bhfuil na bianna fiáine sin le fáil. Táimid ag foghlaim conas na crainn sin a chaomhnú."*

Tá cleachtais agrai-éiceolaíochta á gcur in oiriúint cheana féin ag 858 mbean agus 533 fhear, cur chun cinn bianna fiáine agus traidisiúnta ina measc. Bíonn aon bhia fiáin amháin ar a laghad á ithe ag 100% de theaghlaigh a bhfuil bean i gceannas orthu agus ag 74.9% de theaghlaigh a bhfuil fear i gceannas orthu.

In Uganda, reáchtáil Trócaire agus comhpháirtithe Córais Foghlama maidir le Gníomhaíocht Inscne (GALS) ar bhonn píolótach faoina dtagann mná suas lena réitigh féin ar fhadhbanna. Is rud an-chumasaithe é sin mar déanann siad athruithe dearfacha sna teaghlaigh agus bíonn fir ag glacadh páirt i gcúraimí an tí agus san obair ar an bhfeirm. Bíonn cead cainte níos mó ag mná sa chinnteoireacht freisin.




*"Bíonn m'fhear céile agus mo mhic ag éisteacht níos mó liom anois. Tá an-bhród orm faoi sin. Táim sásta go ndearna mé na hathruithe seo."*

*"Coinnímid na síolta is fearr i mbanc síolta freisin. Táimid ag obair go dian chun go mbeidh na síolta againn i gcónaí. Tá na síolta traidisiúnta seo an-láidir agus is féidir leo fás fiú agus an ghrian ag scaladh anuas orthu."*

*"Bímid ag malartú síolta le chéile sna bainc síolta agus bímid ag foghlaim conas iad a úsáid."*

*"Tugaimid taispeántas ag na haontaí bia freisin. Is iontach an rud é sin mar bímid ag roinnt ár gcuid eolais agus bíonn daoine ag éisteacht linn."*

Ar an gcaoi sin, is cinnte go leanfar de bhianna traidisiúnta a fhás le haghaidh glúnta amach romhainn. Cuireann sé leis an éagsúlacht cothaithe freisin. Is bianna áitiúla iad na bianna traidisiúnta sin, agus tá siad an-fhrithsheasmhach in aghaidh galar i gcomparáid le síolta iompórtáilte.

*"Bhíodh na crainn Shannadbata á leagan roimhe seo chun gualach a dhéanamh. Bhíodh an talamh lom, gan crann ar bith. Ní raibh aon mhaith san ithir chun barra a fhás. Ba mhinic a bhíodh triomach ann freisin agus tuilte móra ina dhiaidh."*

*"Ach chabhraigh Trócaire linn an ola ón gcrann sin a úsáid agus í a phróiseáil go hola. Úsáidim féin an ola sin ar mo chraiceann. Deireadh daoine go raibh an ola go dona, ach is álainn an craiceann atá ag mo leanaí agus mo gharleanaí go léir. Agus agam féin."*

*Freagraí le haghaidh leathanach 3: Gníomhaíocht 1 – Fíor/Bréagach*

1. *Bréagach*
2. *Fíor*
3. *Bréagach, Uimhir 6 atá ann*
4. *Bréagach, 828 milliún atá ann*
5. *Bréagach, is réiteach é ar an ocras domhanda*
6. *Bréagach, déanann cogaí difear don ocras domhanda*
7. *Bréagach*
8. *Fíor*

*Freagraí le haghaidh leathanach 4: Gníomhaíocht 2*

1. *Sprioc 2, 3, 12, 14 & 15*
2. *Sprioc 12*
3. *Sprioc 17*
4. *Sprioc 11, 12 agus 13*
5. *Sprioc 16*
6. *Sprioc 5*
7. *Sprioc 2*
8. *Braitheann an freagra ar an mbrí a bhaineann an dalta as an gceist*

*Freagraí le haghaidh leathanach 6: Gníomhaíocht 3*

1. *Is cuid den phobal mé*
2. *Tugaim aire don talamh*
3. *Tugaim aire don talamh*
4. *Táirgim bia*
5. *Is cuid den phobal mé*

*Freagraí le haghaidh leathanach 6: Focail chasta*

1. *F*
2. *C*
3. *E*
4. *B*
5. *G*
6. *D*
7. *A*


# CONAS CUR ISTEACH AR NA GRADAIM

Scaoil le do chruthaitheacht lena thaispeáint céard atá foghlamtha agat nó chun insint dúinn faoi na gníomhartha atá déanta agat. Seol do shaothar chugainn ar an bpost nó ar an ríomhphost agus seans go mbeidh sé le feiceáil in 2024 sna hirisí ar líne Gníomhaithe Spriocanna Domhanda, iris a scríobhann páistí do pháistí.

Is féidir leat dul i mbun oibre leat féin, le cara amháin, i ngrúpa beag nó le do rang chun tabhairt faoi rud amháin, nó níos mó, díobh seo a leanas:

- Alt
- Taifeadadh fuaime
- Crosfhocail nó puzail ina gcuardaítear focail
- Líníocht/péinteáil/colláis
- Agallamh
- Físeán ceoil
- Grianghraf
- Póstaer
- Taibhléiriú (rap, amhrán, dráma)
- Dán nó gearrscéal
- Tráth na gCeist

**NÓ RUD ÉIGIN EILE...IS FÚTSA ATÁ SÉ RUD A ROGHNÚ!**




**LEID**

Breathnaigh ar na hiontrálacha iontacha a bhí le feiceáil in Gníomhaithe Spriocanna Domhanda na bliana seo caite: www.ourworldirishaidawards.ie

**Tá ár n-irisí le fáil i nGaeilge do mhuintir na Gaeilge!**




Roghnaíodh Scoil Náisiúnta Maodhóg mar Scoil na Bliana 2023 ag Gradaim Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne

Bíodh saothar de do chuid in irisleabhar Gníomhaithe Spriocanna Domhanda na bliana seo!

## Gníomhaithe Spriocanna Domhanda Dáta Deiridh i gcomhair Eagrán 1: 19 Eanáir, 2024

## Gníomhaithe Spriocanna Domhanda Dáta Deiridh i gcomhair Eagrán 2: 8 Márta, 2024

Déanfar na hiontrálacha go léir a mheas i gcomhair an Bhabhta Ceannais Náisiúnta de Ghradaim Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne 2024 agus bronnfar Teastas Rannpháirtíochta ar na daoine a rinne iad!

### CONAS SAOTHAR A CHUR ISTEACH

Iarraigí ar an múinteoir an fhoirm iontrála atá ar ár suíomh gréasáin a líonadh isteach agus bhur n-iontrálacha a sheoladh chugainn ar líne ag ourworld@realnation.ie nó tríd an bpost: **Gradaim Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne, 94 Sráid Bhagóid Íochtarach, Baile Átha Cliath, D02 XN82**

# ANOIS, TÁ SÉ IN AM TABHAIRT FAOI NA SPRIOCANNA ...AR MARC, RÉIDH, GABH!

Foirm áirithinte do bhunscoileanna

## CEARDLANNA DO RANGANNA BUNSCOILE!

**Ar mhaith le do rang tuilleadh eolais chur ar an obair a dhéanann Cúnamh Éireann agus ar na Spriocanna Domhanda?**

Tá ceardlanna spraíúla idirghníomhacha do rang 3-6 ar fáil ó Ionad Chúnamh Éireann, agus déantar iad a chraoladh beo ar líne. Tá na ceardlanna ceangailte leis an gcuraclam.

Bain úsáid as an nasc áirithinte nó an cód QR chun ceardlann a chur in áirithe ionas gur féidir linn tacú le bhur gcuid oibre i gcomhair Ghradaim Chúnamh Éireann: An Domhan Seo Againne.

**www.irishaid.ie**

Irish Aid
An Roinn Gnóthaí Eachtracha
Department of Foreign Affairs